ESB NETWORKS

# Plean Ceachta Sinsearach 2 – Ag Fanacht Slán le Leictreachas

## Cuspóirí

1. Aimsigh na bealaí sábháilte agus neamhshábháilte maidir le leictreachas a úsáid sa bhaile agus lasmuigh
2. Breathnaigh ar conas a tharlaíonn timpistí agus conas is féidir iad a chosc

## Réamhrá

Déan achoimre faoi cad a d'fhoghlaim na páistí faoi leictreachas i gceacht 1 agus faoin turas a dhéanann leictreachas le dul isteach chuig tithe agus scoileanna. Cinntigh go bhfuil na páistí ar an eolas faoin bhfoclóir (piolóin, mionbhoscaí leictreachais, voltanna). Áit a ndéantar leictreachas as breoslaí iontaise e.g. gual, gás, déantar na breoslaí a dhó i bhfoirnéis ollmhór, a chruthaíonn teas millteanach. Tá feadáin uisce i mballaí na foirnéise. Athraíonn an teas an t-uisce go gal, a thaistealaíonn ar feadh píopaí go dtí go mbrúnn sí i gcoinne lann tuirbín mhóra, a chasann é go han-tapa. Tá an tuirbín ceangailte le gineadóir leictreachais, a chasann timpeall agus a chruthaíonn leictreachas.

Mínigh don rang go mbaintear turraing do leanaí uaireanta trí neamhaird a thabhairt ar chomhairle sábháilteachta agus trí rudaí a dhéanamh agus fios acu nár chóir dóibh iad a dhéanamh agus iad ag súgradh lasmuigh. Tá bealaí éagsúla ann chun cuimhneamh ar conas bheith slán timpeall leictreachais. Ag breathnú siar ar an turas a dhéanann leictreachas ón stáisiún cumhachta le dul isteach inár dtithe agus scoileanna sa réamhrá, iarr ar na leanaí a fháil amach conas is féidir leis na háiteanna seo bheith neamhshábháilte nuair a thugann daoine neamhaird ar 'fan slán fan amach' agus ar rialacha um sábháilteacht leictreachais.

## Acmhainní

PDF de Leideanna sábháilteachta Fan Slán, Fan Amach, páipéar, pinn luaidhe, marcóirí dathadóireachta/criáin.

## Gníomhaíocht Ranga Uile

Tá bealaí éagsúla ann le fanacht slán timpeall leictreachais. Ag déanamh machnaimh faoin mbealach ina sreabhann leictreachas ón stáisiún cumhachta go dtí an teach, iarr ar na páistí a fháil amach conas is féidir leis na háiteanna seo agus na gníomhaíochtaí áirithe bheith dainséarach má thugann daoine neamhaird ar 'fan slán fan amach' agus ar rialacha um sábháilteacht leictreachais. Íoslódáil na leideanna sábháilteachta Fan Slán, Fan Amach ó **www.esbnetworks.ie/education** agus cuir ar taispeáint iad le gur féidir leis an rang iad a fheiceáil (nó bain úsáid as an bpóstaer i do phaca). Léigh trí na leideanna agus cinntigh gur féidir leis na leanaí na nithe seo thíos a thuiscint:

- **Fan amach as áiteanna a bhfuil comhartha dainséir le feiceáil**
  Tá an comhartha dainséir ansin mar rabhadh go bhfuil rud éigin díobhálach (a d'fhéadfadh tú a mharú) mura mbíonn tú cúramach. Feicfidh tú comharthaí dainséir, mar shampla, ar chuaillí leictreachais, piolóin, stáisiúin leictreachais agus mionphiléir (ar na cosáin).
- **Ná téigh suas crainn gar do shreanga lasnairde riamh**
  Fan amach as gach sreang lasnairde agus ná téigh suas crainn in aice leo. Fiú mura leagann tú do lámh ar na sreanga lasnairde, d'fhéadfadh an leictreachas "léim" tríd an aer agus tú a leictreamharú.
- **Ná cuir eitleog ag eitilt gar do shreanga lasnairde riamh**
  Ná cuir eitleoga ag eitilt gar do shreanga lasnairde riamh – Má ghreamaíonn sí, scaoil léi! Fág ansin í agus glaoigh ar ESB Networks ar 1850 372 999 nó ar na Gardaí. Má tá sreang na heitleoige ag crochadh síos ná leag do lámh uirthi, toisc gur féidir le leictreachas taisteal tríd an sreang.
- **Ná bí ag iascaireacht gar do shreanga lasnairde riamh**
  Nuair a bhíonn tú ag iascaireacht, fan amach as sreanga lasnairde. Má thagann slat iascaireachta i dteagmháil leis an sreang nó gar di, d'fhéadfadh leictreachas taisteal tríd an slat agus tú a ghortú nó tú a mharú. Bain do shlat as a céile i gcónaí agus tú ag bogadh ar aghaidh ó áit amháin go dtí áit eile.
- **Ná téigh gar do shreang atá tar éis titim, abair le duine fásta é**
  Ná leag do lámh ar shreanga atá tar éis titim ná ná téigh gar dóibh riamh. Abair le duine fásta é agus glaoigh ar ESB Networks ar 1850 372 999.
- **Ná téigh suas piolón riamh**
  Tá sé an-dainséarach dul suas ar phiolóin. Fiú mura leagann tú lámh ar na sreanga lasnairde, d'fhéadfadh an leictreachas "léim" tríd an aer agus tú a leictreamharú.

# Plean Ceachta Sinsearach 2 –
# Ag Fanacht Slán le Leictreachas

## Grúpghníomhaíocht

Conas a d'fhéadfaidís na leideanna seo a roinnt le daoine eile? Conas is féidir cosc a chur ar thimpistí?

Ag baint úsáide as páipéar A4, iarr ar na páistí ceann amháin de na leideanna sábháilteachta Fan Slán, Fan Amach a roghnú. Mínigh dóibh go bhfuil siad le póstaer a chruthú chun insint do páistí eile conas bheith sábháilte timpeall leictreachais. Tá sé tábhachtach iad a spreagadh le teachtaireacht shoiléir amháin a úsáid agus pictiúir a úsáid chun é seo a threisiú.

Is féidir na póstaeir seo a chur isteach sa chomórtas Fan Slán, Fan Amach le ESB Networks. Na hiontrálacha a bhuann gheobhaidh siad duais dá scoil agus beidh siad san fhéilire a chuirfear chuig na Bunscoileanna ar fud na tíre.

Is féidir PDF de Na Leideanna is Fearr le do Phóstaer a Chruthú a íoslódáil ó **www.esbnetworks.ie/education** chun cuidiú le páistí le smaoineamh ar conas is féidir lena dteachtaireachtaí seasamh amach.

## Gníomhaíocht Bhreise

Iarr ar an páistí a gcuid leideanna sábháilteachta féin a chruthú maidir le bheith sábháilte timpeall leictreachais sa bhaile.

## Suíomhanna Gréasáin Úsáideacha

www.esbnetworks.ie/education

www.askaboutireland.ie/learning-zone/primary-students/3rd-+-4th-class/science/electricity/